

☼ An Lúibín ☼

31 Bealtaine 2014

An Ghaeilge mar earra, an Ghaeilge mar aisling

Tá athrú ag teacht ar an nGaeilge. Tá sí á húsáid ag daoine nach bhfuair í mar chuid dá ndúchas agus a bhaineann le dream meánaicmeach uirbeach. Tá amhras á chur i bhfeidhmiú an Stáit i leith na teanga agus muinín á cur i dtoil an phobail.

Tá léiriú déanta ar an scéal ag dhá údar: Jennifer N. Garland agus Caoimhghin Ó Croidheáin. Foilsíodh tráchtas Garland sa bhliain 2008 agus aird ar leith aici ar fhoghlaimoirí de chuid Oideas Gael (www.oideas-gael.com) i nGleann Cholm Cille. Ar dtús, áfach, cuireann sí síos ar dtús ar lochtanna aithnidiúla na Gaeilge éigeantaí. Mura gá Gaeilge a fhoghlaim ach amháin chun pas a fháil i scrúdú, ní gá í a shaothrú ina dhiaidh sin. Ní thuigeann na daltaí cén tairbhe a d'fhéadfá a bhaint aisti lasmuigh den scoil, agus is iomaí dalta a déarfadh leat go bhfuil smál an tseansaoil ar an teanga. Níos measa fós, ní chuirtear ar chumas na ndaltaí comhrá a dhéanamh i nGaeilge, agus tagann frustrachas agus náire de seo.

Sin teip oifigiúil. Ach tagann daoine as gach cearn chun Gleann Cholm Cille le Gaeilge a fhoghlaim nó le faobhar a chur ar a gcuid den teanga, agus is leis na daoine sin a chuaigh Garland chun cainte. Bhí a fhios acu a dheacra atá sé pobal cainteoirí a fháil. Dá bhrí sin bhí claonadh acu chun a ndomhan beag cultúrtha féin a chruthú nuair a chuaigh siad abhaile: an teanga mar chomhartha ar fhéiniúlacht an fhoghlaimora. Mar sin féin, ba léir go bhféadfadh daoine ón taobh amuigh (cainteoirí neamhdhúchasacha agus neamhoidhreachtúla féin) cuidiú le hathbheochan na teanga. Scéal é a bhí bunoscionn leis an seachadadh ó ghlúin go glúin atá le fáil i samhlacha athbheochana eile. Bhí dúil sa nua-aimsearthacht ag dul i gcoimhlint le dúil san 'fhíor-Ghaeilge' – caint thraidisiúnta na Gaeltachta.

Bhí an t-idéalachas maolaithe ag an tuairim go bhféadfaí buntáiste a bhaint as an nGaeilge mar earra do thurasóirí cultúrtha, rud a rachadh ar sochar don teanga féin. Rian an tráchtarraithe¹ atá ar an tuairim seo agus baint aige le dearcadh domhandaithe a scarann rudaí tráchtarraithe óna limistéar dúchais.

Dearcadh Marcsach atá ag Ó Croidheáin agus treise curtha aige ar a thábhachtaí atá sé pobal gníomhach a bheith ann. Tagann athrú meoin as coimhlint agus cruinníonn pobail neart dá bharr. Ach caithfidh eagraíochtaí pobail a n-aird a dhíriú ar cheisteanna níos leithne – úinéireacht talún, sealbhú maoinne agus an teacht atá ag daoine ar acmhainní polaitiúla agus polaitiúla.

Deir sé go gcuireann an t-éigeantas olc ar dhaoine, agus b'fhearr an t-áitiú ná é. Caithfear an ghaelscolaíocht a chur chun cinn. Ní mór ollscoil Ghaeilge a bhunú chun caipiteal teangeolaíoch a chruthú trí machnamh anailiseach agus taighde a shaothrú agus a fháil amach céard is gá a dhéanamh chun grúpaí éigin sa phobal a chur chun cinn. Tá an Stát, a deir sé, neodrach tar éis an tsaol, ach fágann grúpaí sainleasa a lorg air; tá sé le tuiscint go bhfuil lucht na Gaeilge ar na grúpaí sin.

Pléann sé tuairimí na dteoiricithe Marcsach faoi cheisteanna teanga. Is é Mikhail Bakhtin a dúirt go mbaineann an polaitiú le gach foirm teanga. Cuireann fórsaí áirithe smacht cultúrtha in iúl trí theanga agus déanann siad fíric ointeolaíoch di. Deir Gramsci gur féidir leis na bochtáin iad féin a chur ar bhealach a leasa trí theanga níos saothraithe a fhoghlaim. Deir Ó Croidheáin, áfach, go bhfuil an coibhneas idir teangacha ag brath ar choibhneas cumhachta, agus ligfeadh an fíordhaonlathas do chanúintí eile teacht aníos.

¹ Tráchtarráigh – 'commodify'.

Tá an Ghaeilge á cur chun cinn ag dream atá, tríd is tríd, oilte, meánaicmeach agus ábalta ar thairbhe a bhaint as an áiseanna is nua. Ní le Gaeilge a tógadh a bhformhór; is minic ar a gconlán féin iad más lasmuigh d'Éirinn atá cónaí orthu. Ach mar ghrúpa sainleasa in Éirinn féin tá siad in ann acmhainní stáit a dhíriú agus a shealbhú, agus tá tionchar ag na heachtrannaigh féin ar neartú na teanga. De ghnáth, mar a deir Garland, is ar spré an Bhéarla a chuirtear an treise agus domhandú á phlé, agus is beag suim a chuirtear i leathnú teanga mionphobail. Sa chás seo tá an domhandú ag cuidiú leis an nGaeilge.

Jennifer N. Garland . *The Minority Language and the Cosmopolitan Speaker: Ideologies of Irish Language Learners*. 2008

Caomhghin Ó Croidheáin. *Language from Below: The Irish Language, Ideology and Power in 20th-century Ireland*. Peter Lang 2006



An Foras agus an maoiniú

I Mí Eanáir 2014 d'fhógair Foras na Gaeilge go dtiocfadh sé cheanneagraíocht Ghaeilge i bhfeidhm ar 1 Iúil 2014: An tOireachtas, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gael Linn, Gaelscoileanna Teo. agus Glór na nGael. Bhí athbhreithniú déanta ag an bhForas ar na deontais a bhí á dtabhairt d'eagraíochtaí agus d'irisí Gaeilge agus socraíodh ar mhaoiniú a cheilt ar chuid acu feasta (féach *An Lúibín*, 225/2014). Anois deir an sé cheanneagraíocht Ghaeilge atá fágtha go bhfuil géarchéim sna heagraíochtaí Gaeilge, go bhfuil Foras na Gaeilge ag sárú deachleachtais agus go bhfuil cruinnithe lorgtha acu go práinneach leis na hAírí cuí.² Is dóigh leo go bhfuil ag teip ar an athchóiriú atá ar bun ag Foras na Gaeilge agus go bhfuil seirbhísí Gaeilge i mbaol dá bharr.

Roghnaíodh an sé cheanneagraíocht trí iomaíocht le freastal ar réimsí éagsúla de pholasaí na Gaeilge. Ach deir siad go bhfuil Foras na Gaeilge ag diúltú acmhainní a ndóthain a thabhairt dóibh chun foireann chuí a fhostú. Ar na deacrachtaí eile tá íslíú i leibhéal na bpost, gan aon soláthar a bheith déanta d'íocaíochtaí iomarcaíochta, luas míchuí a bheith leis an socrú nua agus cearta fostaithe na hearnála a bheith á sárú.

Tá na ceanneagraíochtaí ag éileamh go n-athrófaí an sceideal feidhmiúcháin agus go dtiocfaí ar chomhréiteach go práinneach. Tá siad ag fáil comhairle dhlí chun cearta na hearnála a bhaint amach.



Gobnait

Níor dhóichí scéal de ná gur bhain Naomh Gobnait an Astráil amach. Ba dheacair dí gan teacht agus inimircigh ag sroichint na tíre ó Inis Oírr, ó Dhún Chaoin agus ó Bhaile Bhuirne, áiteanna a raibh na daoine dilis riamh don naomh seo. Ba í Móin Mór (Bairneach) i mBaile Bhuirne a heaglais, agus 11 Feabhra Lá 'le Gobnait. Tá sí luaite sa téacs meánaoiseach *Féilire Óengusso (Féilire Aonghusa)* faoina hainm eile, Mo Ghobnait.

Mo Gobnat go nglanbail
im sheirc Dé go hilmain...³

Mo Ghobnait ghlanmhaith atá lán de ghrá Dé..

Déantar tagairt ait di sa téacs céanna mar chailleach (i.e. bean rialta) 'ghobghéar' (*caillech gobger*).

Thugtaí ómós di timpeall Dá Chích Anann mar dhuine de thrí dheirfiúr naofa. Luaitear Laitiaran Chuilleann agus Crobhdhearg mar an bheirt eile, agus uaireanta luaitear naomh eile fós in áit ceachtar díobh siúd: Iníon 'Bui'. Ní dócha gurb í Iníon 'Bhui' (fhionn) atá i gceist anseo ach iníon an bhandé Boí (an Chailleach Béara). Déarfá, mar sin, go dtaithíodh Gobnait cuideachta neamh-Chríostaí: cuireann an áit, an bhrí ársa neamhshaolta a

² Géarchéim In Eanáil na Gaeilge: Ráiteas Nuachta, 21 Bealtaine 2014

³ *Féilire Óengusso (Féilire Aonghusa)*, Whitley Stokes (eag.) (1905). *The Martyrology of Oengus the Culdee*. Henry Bradshaw Society. London, lgh 60, 72–3. <https://archive.org/stream/martyrologyofoen29oenguoft#page/60/mode/2up>

bhaineann le triúr agus an Iníon féin in iúl gur iarsma den pháganachais atá againn anseo, cé nach gcruthaíonn sé sin nach raibh Gobnait ann mar bhean agus mar naomh.

Deirtear gur rugadh í i gContae an Chláir sa 5ú haois (nó b'fhéidir an 6ú haois) agus deirtear gurbh é Naomh Abbán a dheartháir. Thug sí Inis Oírr uirthi féin de bharr achrann teaghlaigh, ach nocht aingeal os a cionn agus dúirt léi gur chóir áit a lorg a mbeadh naoi bhfia bhána ar iníor ann. Fuair sí iad ag Coill Ghobnait, áit ar bhunaigh sí clochar le cúnamh Abbáin. Eisean a rinne banab di. Dúirt Seán Ó Colgáin (1592-1658), fear a chruinnigh neart ábhair faoi naoimh na hÉireann, go raibh fáil ar Bheatha Ghobnait i ndeisceart Chúige Mumhan lena linn, ach dealraíonn sé nár tháinig sí slán. Tá Gobnait luaite in *Betha Abáin* (*Beatha Abbáin*).

Ocus triallais for cula co crích Eachach Coinchinn h-i crích Corc Duibhne. Mór trá d' eccallsaibh naemhdha do sénadh la h-Aban. Ocus ro bhennach Boirnech, & do-rad do Gobnait h-é.⁴

Agus thriall sé [Naomh Abbáin] ar ais go dtí críoch Eachach Coinchinn i gcríoch Chorca Dhuibne. Is mór an méid eaglaisí naofa a shéan [bheannaigh] Abbán. Agus bheannaigh sé Bairneach agus thug do Ghobnait é.

Deirtear gur bheachaire í agus go ndearna sí saighdiúirí dá gcuid beach chun cuidiu le rí a tháinig ag iarraidh cabhrach uirthi. Tá Tobar Ghobnatan (atá tirim anois) le fáil taobh thuaidh de Bhéal Átha Grean, agus bhíodh bualadh daoine ann ag déanamh an turais.

Go mbeannaí Dia dhuit, a Ghobnait Naofa,
go mbeannaí Muire faoi mar a bheannaím féin dhuit.
Is chughatsa a thána ag gearán mo scéal leat,
go dtabharfá leigheas i gcuntais Dé dom.⁵

Níor ainmníodh teampall, scoil ná clochar aisti san Astráil, go bhfios dúinn. D'fháilteoimis roimh aon eolas eile.



An Aidigia



An Adigia
Wikipedia Commons

Poblacht bheag bhocht de chuid Chónaidhm na Rúise is ea an Aidigia. I réigiún Cugais atá sí agus achoimriú inti ar stair an réigiúin: gabháil agus ceannairc, imirce agus aisimirce, teangacha agus creidimh ag teacht agus á ndaingniú féin, na sléibhte áille os a gcionn, na coillte ina dtimpeall.

Tá daoine ina gcónaí sa chríoch ón ré is ársa amach. Faoin gCré-Umhaois bhí dolmainí á dtógáil faoin na sléibhte, tuamaí cloiche ar séadchomharthaí anois iad. Ina dhiaidh sin d'fhág dream de na na Scitiaigh tulacha iontacha adhlactha ann.

⁴ *Bethada Náem nÉrenn*: <http://www.ucc.ie/celt/online/G201000/text001.html>

⁵ Gobnait: http://www.dioceseofkerry.ie/page/heritage/saints/st_gobnait/

Sa bhliain 1922, agus an Aontacht Shóivéadach ann, bhain an Aidigia stádas amach mar Réigiún Uathrialach. Bhí neart Rúiseach ann cheana agus Cosacaigh ina measc. (Bhíodh meas ar na Cosacaigh mar dhream ar leith, ach i ndiaidh na Réabhlóide socraíodh gur Rúisigh ó cheart iad.) Tá Airméanaigh ann, Tataracha, Ucránaigh agus Coirdínigh.

Tá léargas le fáil ar an scéal ó na figiúirí thíos maidir leis na trí dhream is líonmhaire. Tá claonadh ag an daonra Rúiseach chun dul i laghad (mar atá sa Rúis féin) ach tá na dreamanna eile ag dul i méid.

	2002	2010
Rúisigh	288,280 (64.7%)	270,214 (63.6%)
Aidigiai	108,757 (24.4%)	109,699 (25.8%)
Airméanaigh	15,268 (3.4%)	15,561 (3.7%)

Cuid den toradh a bhí ar Chogadh Cugais is ea an meascán eitneach sin. Sa chéad chuid den 19ú haois bhí Impireacht an Rúise ag leathnú ó dheas; bhuaigh sí ar na Seisniaigh, shealbhaigh sí an Dagastáin agus chloígh Cugais Thuaidh. Dá bhrí sin d'fhág na mílte Muslamach an réigiún agus a n-aghaidh ar an Tuirc agus ar an bPeirs. Bhí na taoisigh Mhuslamacha ag gríosú a muintire chun imeacht agus eagla orthu go gcaillfidís a gcuid pribhléidí féin; bhí na hOtamánaigh ag mealladh áitritheoirí ón réigiún mar chúiteamh ar an líon mór Críostaithe ar imeall a n-impireachta féin. Ó thaobh na Rúise de, ba mhaith an rud é fáil reidh le dreamanna clampracha agus Cosacaigh agus Críostaithe eile a thabhairt isteach ina n-áit. Dá bhrí sin d'íoc an Rialtas Rúiseach pasáiste na n-imirceach agus sholáthair longa dóibh. Níorbh fhada, áfach, go bhfuair na himircigh amach nach raibh rompu sna tailte Otamánacha ach ainnis agus anró; tháinig na mílte ar ais. (Sa bhliain 1998 féin rinneadh dhá theaghlach is daichead (thart ar 200 duine) a athdhúichiú ón gCosaive.)

De réir suirbhé a rinneadh sa bhliain 2012 cloíonn 35.4% den phobal leis an Eaglais Cheartchreidmheach Rúiseach agus 13% leis an Ioslamachas, agus deir 30% go bhfuil siad 'spioradálta'. Sunnaigh is ea Muslamaigh na Poblachta agus eagar maith orthu mar dhream. Baineann an chuid is mó de na Rúisigh, na hUcránaigh agus na hAirméanaigh leis an Eaglais Cheartchreidmheach.

Cé go bhfuil formhór an phobail ina Rúisigh tá an chuid is mó den tsainicme pholaitiúil ina nAidigiaigh, rud nach dtaitníonn le gach duine. Mar sin féin, deirtear go mbíonn na dreamanna difriúla eitneacha ag tarraingt réasúnta maith le chéile – trí Ruisis, gan dabht. Ní mór do cheann stáit na tíre Aidigis a bheith ar a thoil aige, ach ba dheacair teacht gan teanga oifigiúil na Cónaidhme.

Baineann an Aidigis le teangacha Cubaiseacha an iarthuaiscirt. Tá sí dubh le consain (cuid acu neamhchoitianta) ach tá na guthanna tearc – gan ann ach trí cinn. Ar nós gach teanga den saghas seo tá ord na bhfocal mar a leanas: gníomhaire (ainmní) – cuspóir – briathar. Teanga eirgíoch is ea í (ar nós roinnt teangacha Bundúchasacha): feidhmíonn gníomhaire briathair neamhaistrigh mar a d'fheidhmeodh cuspóir briathair aistrigh. Déarfá a leithéid seo: 'thángthas í' (in áit 'tháinig sí'). Is dócha go bhfuil timpeall 128,000 cainteoir san Aidigia féin, ach ta an pobal labhartha Aidigise is mó le fáil sa Tuirc, áit a bhfuil mórán de shliocht na n-imirceach ina gcónaí go fóill.

Aisteach le rá, tá an phoblacht neadaithe in Krasnodar Krai, réigiún de chuid na Rúise féin. Is beag tír eile atá timpeallaithe ar an dóigh sin ag a comharsa (cé go bhfuil an meascán eitneach céanna in Karsnodar Krai is atá san Aidigia féin).

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganach simplithe

An Ghaeilge mar earra, an Ghaeilge mar aisling

Tá athrú ag teacht ar an nGaeilge. Tá sí á húsáid ag daoine nach bhfuair í mar chuid dá ndúchas. Tá léiriú déanta ar an scéal ag Jennifer N. Garland agus Caoimhghin Ó Croidheáin.

Déanann Garland tagairt do lochtanna na Gaeilge éigeantaí. Ní mhúintear an Ghaeilge ach chun pas a fháil i scrúdú. Ní léir cén tairbhe a d'fhéadfá a bhaint aisti lasmuigh den scoil. Is iomaí dalta a déarfadh leat go bhfuil smál an tseansaoil ar an teanga. Ní chuirtear ar chumas na ndaltaí comhrá a dhéanamh i nGaeilge. Ach tá taighde déanta ag Garland ar dhaoine a bhfuil dearcadh eile acu. Tagann siad as gach cearn chun Oideas Gael i nGleann Cholm Cille le Gaeilge a fhoghlaim.

Tá a fhios acu mar fhoghlaimeoiri go bhfuil sé an-deacair pobal cainteoiri Gaeilge a fháil. Dá bhri sin tá claonadh acu chun a ndomhan beag cultúrtha féin a chruthú. Is léir dóibh freisin gur féidir le heachtrannaigh cuidiú le hathbheochan na teanga.

Tá idéalachas ann ach is dóigh le foghlaimeoiri freisin gur maith an rud é an Ghaeilge a dhiol mar earra le turasóirí cultúrtha. Deir siad go rachaidh sé seo ar sochar don teanga. Tá baint aige seo leis an domhandú: scartar rudaí óna n-áit dhúchais.

Dearcadh Marcsach⁶ atá ag Ó Croidheáin. Deir sé go bhfuil gá le pobal díograiseach. Ach caithfear aird a dhíriú ar an teacht atá ag daoine⁷ ar acmhainní polaitiúla agus polaitiúla.

Deir sé go gcaithfear an ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus ollscoil Ghaeilge a bhunú. Bheadh an ollscoil sin in ann taighde sóisialta a dhéanamh. Tá an Stát neodrach ach fágann grúpaí sainleasa⁸ a lorg air. Tá lucht na Gaeilge ar na grúpaí sin.

Pléann sé tuairimí na dteoiricithe⁹ Marcsacha maidir le ceisteanna teanga. Is rud polaitiúil teanga agus cuirtear smacht cultúrtha in iúl tríthi. Is féidir leis na bochtáin iad féin a chur chun cinn trí theanga níos saothraithe¹⁰ a fhoghlaim. Ach deir Ó Croidheáin gur fearr scód a ligean le¹¹ gach teanga.

Tá an Ghaeilge á cur chun cinn ag dream atá oilte agus meánaicmeach. Mar ghrúpa sainleasa tá siad in ann leas a bhaint as acmhainní stáit chun cuspóirí pobail¹² a bhaint amach. Tá lámh ag eachtrannaigh san obair. Tá an domhandú ag cuidiú le neartú na Gaeilge.

An Aidigia

Poblacht bheag bhocht de chuid Chónaidhm na Rúise is ea an Aidigia.¹³ I réigiún Cugais¹⁴ atá sí, agus faightear stair an réigiúin ann: gabháil agus ceannairc, imirce agus aisimirce, meascadh eitneach. Tá sléibhte áille ann agus coillte móra.

Is iad na hAidigiaigh¹⁵ féin an pobal dúchais, ach tá mórán Rúiseach ann freisin, in éineacht le hAirméanaigh,¹⁶ le Tataráigh,¹⁷ le hUcránaigh¹⁸ agus le Coirdínigh.¹⁹ Muslamaigh is ea na hAidigiaigh.

⁶ Marcsach - Marxist

⁷ An teacht atá ag daoine – the access people have (ar)

⁸ Grúpaí sainleasa – special-interest groups

⁹ Teoiricithe - theorists

¹⁰ Níos saothraithe – more cultivated

¹¹ Scód a ligean le – give free rein to

¹² Cuspóirí pobail – community objectives

¹³ Adygea

¹⁴ Réigiún Cugais – the Caucasus region

¹⁵ Aidigiaigh - Adygians

¹⁶ Airméanaigh - Armenians

¹⁷ Tataráigh – Tartars

¹⁸ Ucránaigh – Ukrainians

¹⁹ Coirdínigh - Kurds

Sa chéad chuid den naoú haois déag bhí Impireacht an Rúise ag leathnú ó dheas. D'éirigh léi an réigiún go léir a ghabháil. D'fhág na mílte Muslamach an réigiún agus chuaigh siad go dtí na críocha Otamánacha.²⁰ Ach bhí saol dearóil ag mórán acu ann agus tháinig na mílte ar ais. Idir an dá linn tháinig mórán Rúiseach agus Críostaithe eile isteach. Tá siad ann ó shin. Ach tá ceannairí na Poblachta ina nAidigiaigh, cé gur Rúisigh iad formhór an phobail.

Teanga chasta Chugaiseach is ea an Aidigis. Tá mórán consan inti agus trí ghuta. Tá formhór na gcainteoirí le fáil sa Tuirc. De shliocht na n-imirceach iad. San Aidigia féin tá Rúisis ag gach duine mar theanga dhúchais nó mar theanga bhreise.

²⁰ Críocha Otamánacha – Ottoman territories

Forlíonadh

Iarsmaí

Bhí sé leath bealaigh tríd an músaem nuair a thug sé faoi deara go raibh an treoraí dall. Bean dhubhach ghlórbhinn ba ea í, í ag díriú a méire ar cholúin bhriste, ar mhasc, ar fhríos, gach eolas aici, gach scéal. Ní raibh ann ach iad: ní raibh tarraingt na ndaoine ar an áit seo, níor tháinig sé féin air ach de thimpiste. Bhain siad plionta amach nach raibh dada ina sheasamh air.

Seo, a dúirt sí, scáthán cré-umha a fuarthas in oirthear na hImpireachta, rud nach bhfuil a shárú le fáil.

Ní fheicim é, a dúirt sé.

An bhfuil tú dall, mo leithéid féin? a dúirt sí, agus a lámh ag brath na slí roimpi ar an bplionta.

Níl dada ann, a dúirt sé.

Bhí sí scanraithe: d'iompaigh sí air agus scéin sna súile úd nárbh fhéidir leo rud ar bith a fheiceáil. Tusa a ghoid é, a dúirt sí, agus a lámha ag póirseáil ar fud a chuid éadaí ar lorg an taisce.

Duine eile a ghoid é, a dúirt sé, téimis ar a thóir, b'fhéidir nach raibh an scáthán ann riamh, scéal scéil.

Bhris an gol uirthi agus theith sí uaidh, ag imeacht as amharc i measc iarsmaí na n-aoiseanna, ag dul siar tríd an aimsir.

Amach leis. Bhraith sé an meáchan ina phóca: ba é an scáthán é. D'fhéach sé isteach ann ar thóir fir ba chosúil leis féin; chonaic sé an fásach, na colúin bhriste, lorg chosa na mná ag dul siar go bun na spéire.

Fothracha

Nuair a tháinig sí amach ní raibh roimpi ach fothracha: conamar déanta de na pálás, na hárasáin, na hoifigí, madra ag ithe madra eile, na cuileoga ina smúit. Chuimhnigh sí nárbh fhéidir cuntas a thabhairt ar rud nach bhfaca sí: bhí bliain caite aici i seomra ag breacadh páipéir le peann (ní raibh leictreachas ann a thuilleadh ná ríomhairí), ag éisteacht le pléasca agus le fuaimanna a chuaigh di a thuiscint, ag éisteacht freisin le ciúnas na marbh.

Bhí coinnle aici agus cannaí stáin ar tháinig sé orthu i gcupard tréigthe agus bia iontu nár aithin sí; bhí uisce ag sileadh ó phíopa. Thug corrdhuine cuairt uirthi: saighdiúir a raibh logáin dhearga déanta dá shúile agus a fuair bás, bean a raibh cneá ag déanamh angaidh inti agus a fuair bás, cat a tháinig agus a d'imigh agus nach bhfaigheadh bás choíche. Í ag breacadh léi, ag carnadh na leathanach, ag ceartú a raibh scríofa aici (nó á bhréagnú). Ar theacht an earraigh labhair gunnaí eile agus éan.

Tháinig boladh bréan chuici agus bhí uirthi na mairbh a chur níos doimhne. Níor lagaigh a lámh i mbun pinn. Ansin, lá éigin, bhraith sí ciúnas ab fhorleithne ná ciúnas teoranta na marbh agus bhuail amach. Fothracha.

Ghluais sí chun siúil agus a fhios aici go n-atógfaí an chathair (cé nach mbeadh san atógáil féin ach athcheartú) agus d'fhag a raibh scríofa aici ag an té a léifeadh é, ag an té a ligfeadh dó imeacht le gaoth.



Tá scéalta nó dánta le Colin Ryan le fáil in Feasta (www.feasta.ie), An Gael (www.angelmagazine.com) agus Tinteán (www.tintean.org.au).